2024/391

30.1.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/391 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2024

lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21 agus tríocha fo-chumasc, atá comhdhéanta díobh nó a tháirgtear astu a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 434)

(Is iad na téacsanna Ollainnise agus Fraincise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Aibreán 2018, rinne Syngenta Crop Protection NV/SA, atá lonnaithe sa Bheilg, iarratas a chur isteach, thar ceann Syngenta Crop Protection AG, atá lonnaithe san Eilvéis, chuig údarás inniúil na Gearmáine ('an t-iarratas') maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Bhain an t-iarratas freisin le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21 nó atá comhdhéanta de a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.

(2) Ina theannta sin, bhain an t-iarratas le táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil tríocha fo-chumasc, as na sé cinn is caoga is féidir, de na teagmhais thrasfhoirmithe ar leith lena gcomhdhéantar arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21, nó atá comhdhéanta díobh nó a tháirgtear astu.

(3) Cumhdaítear leis an gCinneadh seo na tríocha fo-chumasc i raon feidhme an iarratais: MIR162 × MON 89034, 5307 × MON 89034, Bt11 × MON 89034, GA21 × MON 89034, MIR604 × MON 89034, 5307 × Bt11 × MON 89034, 5307 × GA21 × MON 89034, 5307 × MIR162 × MON 89034, 5307 × MIR604 × MON 89034, Bt11 × GA21 × MON 89034, Bt11 × MIR162 × MON 89034, Bt11 × MIR604 × MON 89034, GA21 × MIR162 × MON 89034, GA21 × MIR604 × MON 89034, MIR162 × MIR604 × MON 89034, 5307 × Bt11 × GA21 × MON 89034, 5307 × Bt11 × MIR162 × MON 89034, 5307 × Bt11 × MIR604 × MON 89034, 5307 × GA21 × MIR162 × MON 89034, 5307 × GA21 × MIR604 × MON 89034, 5307 × MIR162 × MIR604 × MON 89034, Bt11 × GA21 × MIR162 × MON 89034, Bt11 × GA21 × MIR604 × MON 89034, Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034, GA21 × MIR162 × MIR604 × MON 89034, 5307 × Bt11 × GA21 × MIR162 × MON 89034, 5307 × Bt11 × GA21 × MIR604 × MON 89034, 5307 × Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034, 5307 × GA21 × MIR162 × MIR604 × MON 89034, Bt11 × GA21 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 ('na tríocha fo-chumasc lena mbaineann').

(4) Bhí na sé fho-chumasc is fiche nach gcumhdaítear faoi raon an iarratais údaraithe cheana féin mar seo a leanas: Bt11 × MIR162 × MIR604 × GA21, Bt11 × MIR162 × MIR604, Bt11 × MIR162 × GA21, Bt11 × MIR604 × GA21, MIR162 × MIR604 × GA21, Bt11 × MIR162, Bt11 × MIR604, Bt11 × GA21, MIR162 × MIR604, MIR162 × GA21, MIR604 × GA21, arna n-údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1685 ón gCoimisiún ([2]); 5307 × Bt11, 5307 × GA21, 5307 × MIR162, 5307 × MIR604, 5307 × Bt11 × GA21, 5307 × Bt11 × MIR162, 5307 × Bt11 ×

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1685 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2016 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × GA21, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais Bt11, MIR162, MIR604 agus GA21 a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Cinntí 2010/426/AE, 2011/892/AE, 2011/893/AE agus 2011/894/AE (IO L 254, 20.9.2016, lch. 22).

MIR604, 5307 × GA21 × MIR162, 5307 × GA21 × MIR604, 5307 × MIR162 × MIR604, 5307 × Bt11 × GA21 × MIR162, 5307 × Bt11 × GA21 × MIR604, 5307 × Bt11 × MIR162 × MIR604, 5307 × GA21 × MIR162 × MIR604, 5307 × Bt11 × GA21 × MIR162 × MIR604, arna n-údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2087 ón gCoimisiún ([3]); MIR162 × MON 89034, arna n-údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60 ón gCoimisiún ([4]).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, áiríodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Áiríodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.

(6) An 5 Meitheamh 2023 d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ([6]) tuairim eolaíoch fhabhrach i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le harbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21 mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sé chomh sábháilte céanna lena chomparáidí nach bhfuil modhnaithe go géiniteach agus leis na cineálacha tagartha roghnaithe nach bhfuil modhnaithe go géiniteach maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol.

(7) Maidir leis na tríocha fo-chumasc a chumhdaítear san iarratas, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go mbeidh siad chomh sábháilte leis na teagmhais thrasfhoirmithe ar leith a ndearnadh measúnú orthu roimhe seo Bt11, MIR162, MIR604, MON 89034, 5307 agus GA21, na fo-chumaisc a ndearnadh measúnú orthu roimhe seo agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21.

(8) Sa tuairim eolaíoch uaidh, rinne an tÚdarás breithniú ar gach ceist agus ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(9) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin i dtaca leis an bplean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil a chuir an t-iarratasóir isteach, ina bhfuil plean ginearálta faireachais, go bhfuil an plean sin i gcomhréir leis na húsáidí atá beartaithe le haghaidh na dtáirgí.

(10) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21, atá comhdhéanta de, nó a dtáirgtear as, agus na tríocha fo-chumaisc lena mbaineann, ba cheart údarú a thabhairt iad a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.

(11) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh d'arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21, agus do na tríocha fo-chumasc lena mbaineann, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ([7]).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2087 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × 1507 × 5307 × GA21, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann, trí cinn, ceithre cinn nó cúig cinn de na teagmhais ar leith Bt11, MIR162, MIR604, 1507, 5307 agus GA21 a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 6.12.2019, lch. 94).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87427 × MON 89034 × MIR162 × NK603, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais ar leith MON 87427, MON 89034, MIR162, NK603 a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1111 de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 26, 26.1.2021, lch. 5).

([5]) Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

([6]) Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2023; Tuairim Eolaíoch maidir le measúnú ar arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21 agus 30 fo-chumasc, le haghaidh úsáidí bia agus beatha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-DE-2018-149). *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(6):8011, 59 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.011

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

(12) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach gá aon cheanglas sonrach lipéadaithe, seachas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Mar sin féin, chun a áirithiú go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaraithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart léiriú soiléir a bheith ar lipéadú na dtáirgí a chumhdaítear leis an údarú sin, cé is moite de tháirgí bia, a thugann le tuiscint nach bhfuil siad ceaptha lena saothrú.

(13) Ba cheart do shealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ([9]).

(14) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha sonracha nó srianta sonracha a fhorchur maidir le cur ar an margadh, maidir le húsáid agus láimhseáil, lena n-áirítear ceanglais faireacháin iarmhargaidh i ndáil leis an mbia agus leis an mbeatha a chaitheamh ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21, atá comhdhéanta de nó a dtáirgtear as, agus na fo-chumaisc uile de, nó maidir le héiceachórais/comhshaoil nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5), pointe (e) agus Airteagal 18(5), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(15) Ba cheart gach faisnéis ábhartha maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo a iontráil i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(16) Tá fógra le tabhairt faoin gCinneadh seo trí Theach Imréitigh na Bithsháibháilteachta do na Páirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithsháibháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]).

(17) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é chun go ndéanfaí tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóirí uathúla

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004, sanntar na haitheantóirí uathúla seo a leanas d'arbhar Indiach géinmhodhnaithe (*Zea mays* L.), mar atá sonraithe i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo:

(a) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 × SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034 × 5307 × GA21;

(b) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × GA21 × MIR162 × MIR604 × MON 89034;

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

([9]) Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí caighdeánacha tuairiscithe chun na torthaí faireacháin ar scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol, i bhfoirm táirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, a chur i láthair, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

(c) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × GA21 × MIR162 × MIR604 × MON 89034;

(d) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034;

(e) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × GA21 × MIR604 × MON 89034;

(f) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × GA21 × MIR162 × MON 89034;

(g) an t-aitheantóir uathúil MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe GA21 × MIR162 × MIR604 × MON 89034;

(h) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MIR604 × MON 89034;

(i) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × GA21 × MIR604 × MON 89034;

(j) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × GA21 × MIR162 × MON 89034;

(k) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × MIR162 × MIR604 × MON 89034;

(l) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × GA21 × MIR604 × MON 89034;

(m) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × GA21 × MIR162 × MON 89034;

(n) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × MIR604 × MON 89034;

(o) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × MIR162 × MON 89034;

(p) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × GA21 × MON 89034;

(q) an t-aitheantóir uathúil SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162 × MIR604 × MON 89034;

(r) an t-aitheantóir uathúil MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe GA21 × MIR604 × MON 89034;

(s) an t-aitheantóir uathúil MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe GA21 × MIR162 × MON 89034;

(t) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR604 × MON 89034;

(u) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × MON 89034;

(v) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × GA21 × MON 89034;

(w) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × MIR604 × MON 89034;

(x) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × MIR162 × MON 89034;

(y) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × GA21 × MON 89034;

(z) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × Bt11 × MON 89034;

(aa) an t-aitheantóir uathúil SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR604 × MON 89034;

(bb) an t-aitheantóir uathúil MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe GA21 × MON 89034;

(cc) an t-aitheantóir uathúil SYN-BTØ11-1 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MON 89034;

(dd) an t-aitheantóir uathúil SYN-Ø53Ø7-1 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 5307 × MON 89034;

(ee) an t-aitheantóir uathúil SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162 × MON 89034.

Airteagal 2

Údarú

Údaraítear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

(a) bia agus comhábhair bhia ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as;

(b) beatha ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as;

(c) táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b), cé is moite de shaothrú.

Airteagal 3

Lipéadú

1. Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'arbhar Indiach' a bheidh mar 'ainm an orgánaigh'.

2. Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

Airteagal 4

An modh braite

Beidh feidhm ag na modhanna a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le harbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhrath.

Airteagal 5

Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go ndéanfar an plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

Airteagal 6

Clár Comhphobail

Cuirfear an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn isteach i gClár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é Syngenta Crop Protection AG, arna ionadú san Aontas ag Syngenta Crop Protection NV/SA, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.

Airteagal 8

Bailíocht

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a thabharfar fógra ina leith.

Airteagal 9

Seolaí

Is chuig Syngenta Crop Protection AG, Rosentalstrasse 67, CH-4058 Basel, an Eilvéis, arna ionadú san Aontas ag Syngenta Crop Protection NV/SA, Avenue Louise 489, 1050 an Bhruiséil, an Bheilg, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **Iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe:**

Ainm: Syngenta Crop Protection AG

Seoladh: Rosentalstrasse 67, CH-4058 Basel, an Eilvéis

Arna ionadú san Aontas ag: Syngenta Crop Protection NV/SA, Avenue Louise 489, 1050 an Bhruiséil, an Bheilg

(b) **Ainmniú agus sonrú na dtáirgí:**

(1) bia agus comhábhair bhia ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e), atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as;

(2) beatha ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e), atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as;

(3) táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e), atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as; le haghaidh úsáidí seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

Léiríonn arbhar Indiach géinmhodhnaithe SYN-Ø53Ø7 -1 an ghéin *ecry3.1Ab*, a thugann frithsheasmhacht in aghaidh lotnaidí coiléipteireacha áirithe. Ina theannta sin, úsáideadh an ghéin *pmi* a ionchódaíonn an phróitéin PMI mar mharcóir roghnaithe sa phróiseas modhnaithe ghéinitigh.

Léiríonn -arbhar Indiach géinmhodhnaithe SYN - BTØ11 -1 an ghéin *cry1Ab*, lena dtugtar cosaint in aghaidh lotnaidí léipidipteireacha áirithe, agus an ghéin *pat*, lena dtugtar frithsheasmhacht do luibhicídí glúfosanáit-amóiniam-bhunaithe.

Léiríonn arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON-ØØØØ21-9 an ghéin *mepsps*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar ghliofosáit.

Léiríonn arbhar Indiach géinmhodhnaithe SYN-IR162-4 an ghéin *vip3Aa20*, lena dtugtar cosaint in aghaidh lotnaidí léipidipteireacha áirithe. Ina theannta sin, úsáideadh an ghéin *pmi* a ionchódaíonn an phróitéin PMI mar mharcóir roghnaithe sa phróiseas modhnaithe ghéinitigh.

Léiríonn arbhar Indiach géinmhodhnaithe SYN-IR6Ø4-5 géin *cry3A* mhodhnaithe, lena dtugtar cosaint in aghaidh lotnaidí coiléipteireacha áirithe. Ina theannta sin, úsáideadh an ghéin *pmi* a ionchódaíonn an phróitéin PMI mar mharcóir roghnaithe sa phróiseas modhnaithe ghéinitigh.

Léiríonn arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON-89Ø34-3 an ghéin *cry1A.105* agus *cry2Ab2,* lena dtugtar cosaint in aghaidh lotnaidí léipidipteireacha áirithe.

(c) **Lipéadú:**

(1) Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'arbhar Indiach' a bheidh mar 'ainm an orgánaigh';

(2) Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar lipéad na dtáirgí agus i ndoiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil an t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e), atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **Modh braite:**

(1) Is iad na modhanna braite cainníochtúla a bhaineann go sonrach le teagmhais PCR na modhanna sin atá bailíochtaithe ina n-aonar le haghaidh teagmhais arbhar Indiach géinmhodhnaithe SYN-Ø53Ø7-1, SYN-BTØ11-1, MON-ØØØ21-9, SYN-IR162-4, SYN-IR6Ø4-5 agus MON-89Ø34-3 agus atá fíoraithe tuilleadh ar arbhar Indiach SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3.

(2) Arna bhailíochtú ag Saotharlann Tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh.°1829/2003, arna fhoilsiú ag http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx

(3) Ábhar Tagartha: Tá rochtain ar ERM ®- BF412 (i gcás SYN - BTØ11 -1), ERM ®- BF446 (i gcás SYN - IR162-4) agus ERM ®- BF423 (i gcás SYN - IR6Ø4-5) trí Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag https://crm.jrc.ec.europa.eu/, tá rochtain ar AOCS 0906 agus AOCS 0406 (i gcás MON -89Ø34-3), AOCS 0411 - C agus 0411-D (i gcás SYN - Ø53Ø7-1) agus AOCS 0407-A agus 0407-B (i gcás MON-ØØØ21-9) trí Chumann Ceimiceoirí Ola Mheiriceá https://www.aocs.org/crm.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3

SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3;

SYN-IR162-4 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

MON-ØØØ21-9 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

MON-ØØØ21-9 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × SYN-BTØ11-1 × MON-89Ø34-3;

SYN-IR6Ø4-5 × MON-89Ø34-3;

MON-ØØØ21-9 × MON-89Ø34-3;

SYN-BTØ11-1 × MON-89Ø34-3;

SYN-Ø53Ø7-1 × MON-89Ø34-3;

SYN-IR162-4 × MON-89Ø34-3.

(f) **Faisnéis a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithsházháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht:**

[Teach Imréitigh na Bithsházháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: *arna foilsiú i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a thugtar fógra ina leith*].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil:**

Plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE.

[Nasc: *plean arna fhoilsiú i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Ceanglais faireacháin iarmhargaidh maidir le húsáid an bhia lena chaitheamh ag an duine:**

Ní gá.

Tabhair faoi deara: *d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal trí chlár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.*